



Preasráiteas

Lucsamburg, 8 Nollaig 2022

Íocaíochtaí bunaithe ar OIN do bhuiséad an Aontais: iarann na hiniúchóirí go ndéanfar seiceálacha níos dírithe

Is bunús tábhachtach é OIN (ollioncam náisiúnta) maidir le ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais a ríomh. Níl fíorú na sonraí sin dírithe go leor, de réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Cé go raibh Eurostat (oifig staidrimh an Aontais) éifeachtach ar an iomlán i ndáil le saincheistanna ardriosca a shainaithint chun sonraí OIN a thiomsú agus aghaidh a thabhairt orthu, ní dhearna sé seiceáil go córasach ar shaincheistanna ardriosca ná ar thíortha sa chatagóir is airde riosca ar dtús, agus ní dhearna sé na seiceálacha sin luath go leor i gcónaí. Mar shampla, níor fhreagair Eurostat go pras ar shaincheist a bhain le cuideachtaí ilnáisiúnta ag athlonnú a ngnólachtaí chun críocha cánach.

Is ionann an fhoinse is mó ioncaim de bhuiséad an Aontais agus ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN ó thíortha an Aontais. In 2021, b'ionann iad agus €116 billiún, nó thart ar dhá thrian de bhuiséad an Aontais. Déanann Eurostat seiceáil ar cháilíocht shonraí OIN ó thíortha an Aontais i dtimthriallta fíoraithe ilbhliantúla, agus d'fhéadfadh sé a iarraidh orthu a meastacháin thosaigh – arb é an bunús do ríomh a ranníocaíochtaí ag an gCoimisiún – a choigeartú suas nó síos. Sheiceáil na hiniúchóirí ar bhainistigh Eurostat a fhíoruithe go maith le linn an timthrialla is déanaí (2016-2019).

“Tá sé tábhachtach a áirithiú go bhfuil ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN ó thíortha an Aontais do bhuiséad an Aontais cothrom agus intuartha,” a dúirt Marek Opióła, Comhalta den Chúirt a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Chun fíoruithe a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart do Eurostat tús áite a thabhairt do shaincheistanna trasearnálacha agus do na tíortha is airde riosca maidir le seiceálacha.”

Braitheann intuarthacht ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN ar na ceistanna seo a leanas; ar críochnaíodh an timthriall fíoruithe in am (rud a mhaireann ceithre go cúig bliana de ghnáth), agus cé chomh tapa a chuir Eurostat na tíortha ar an eolas faoi na torthaí sin. Fuair na hiniúchóirí gur chríochnaigh Eurostat seiceálacha mar a bhí beartaithe, agus gur sholáthair sé faisnéis thráthúil ar choigeartuithe do na tíortha. Mar sin féin, bhí go leor saincheistanna fós ar oscailt i bhfoirm ‘forchoimeádas’, mar sin d'fhéadfadh cás a bheith ann ina n-iarrfaí ar na tíortha lena mbaineann níos mó a íoc amach anseo.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Chabhraigh gnáthúsáid measúnuithe riosca agus tairseacha le Eurostat chun rioscaí a shainaithe agus a mhaolú trí lígean dó na saincheistanna is tábhachtaí don obair leantach a dheimhniú, ach níor bhain Eurostat lán-úsáid as torthaí an chur chuige seo chun tosaíocht a thabhairt d'fhíoruithe ar shaincheistanna trasearnálacha agus tíortha ardriosca. Leithdháil Eurostat catagóir ardriosca, meánriosca nó ísealriosca ar gach tír san Aontas. Mar sin féin, ní dhearna sé a sheiceálacha ach go luath sa timthriall, agus roimh na tíortha ísealriosca a sheiceáil i gcás trí cinn de na seacht dtír ardriosca. Go deimhin, bhain thart ar an gceathrú cuid de na forchoimeádais ag deireadh an timthrialla fíoraithe le ceithre thír ardriosca nach raibh tosaíocht éifeachtach leagtha síos dóibh. Sa bhreis air sin, sheiceáil sé an iomarca saincheistanna a raibh tionchar íseal acu ar OIN. Ní leithdháileann Eurostat tosaíocht do na saincheistanna ar a dtarraingíonn sé aird ach oiread, rud a mhéadaíonn an riosca go mb'fhéidir go dtabharfaidh tíortha aghaidh ar shaincheistanna ísealriosca ar dtús. Dar leis na hiniúcháirí, ba cheart do Eurostat a obair a dhíriú níos mó ar shaincheistanna ardriosca a bhfuil an tionchar féideartha is mó acu ar OIN, mar go bhféadfadh sé sin méid na bhforchoimeádas a laghdú agus intuarthacht maidir le ranníocaíochtaí buiséadacha ó thíortha an Aontais a mhéadú.

Níor fhreagair Eurostat go pras ar an tsaincheist ardriosca maidir le cuideachtaí ilnáisiúnta ag athlonnú a n-oibríochtaí nó a n-acmhainní chun tairbhe a bhaint as córais chánach bhuntáisteacha, cé go rabhthas eolach ar na saincheistanna cuntasáiochta roinnt blianta sular cuireadh tús leis an timthriall fíoruithe. Chinn Eurostat freisin forchoimeádas a chur ar an tsaincheist don tréimhse i ndiaidh 2018 amháin, rud a d'fhág neamhchinnteacht maidir leis na blianta roimhe sin dá bharr. D'fhéadfadh sé nach bhfuil íocaíochtaí OIN ó roinnt tíortha i gceart, ós rud é go mb'fhéidir nár ríomhadh a gcuntais roimh 2018 go cruinn. Thuairiscigh tíortha eile, amhail Éire, sonraí beachta áfach.

Faisnéis chúlra

Íocann gach tír san Aontas Eorpach ranníocaíocht le buiséad an Aontais, atá ríofa mar chéatadán dá OIN. Is ionann an 'glaoráta' do gach tír, ach d'fhéadfadh éagsúlachtaí a bheith ann ó bhliain amháin go chéile (mar shampla, bhí glaoráta 0.84 % ann in 2021). I dtéarmaí absalóideacha, rinne an Ghearmáin an ranníocaíocht ba mhó bunaithe ar OIN (€29.6 billiún) in 2021, leis an bhFrainc (€20.3 billiún) agus an Iodáil (€14.5 billiún) ina dhiaidh sin. San am atá caite, bhí deacrachtaí ag tíortha an Aontais le méideanna breise móra a íoc ar fógra gearr. In 2014, lean coigeartuithe nach rabhthas ag súil leo arb ionann iad agus beagnach €10 billiún d'athbhreithnithe ar shonraí OIN, le tionchar níos mó ar roinnt tíortha ná a chéile. Mar shampla, bhí ar an Ríocht Aontaithe €2.1 billiún breise a íoc, nó 21 % sa bhreis ar a bun-ranníocaíocht bhuiséadach. In Iúil 2016, thuairiscigh Éire méadú 24 % (€39 mbilliún) ar shonraí OIN do 2015 i gcomparáid le 2014, mar gheall ar athlonnú na sócmhainní ag cúpla mórchuideacht ilnáisiúnta. Thuairiscigh trí Bhallstát do Eurostat in 2017 gur thug siad faoi deara, ó 2010 i leith, go raibh cásanna sonracha ina raibh cuideachtaí ag athlonnú sócmhainní suntasacha chuig a dtír féin nó óna dtír féin.

Tá Tuarascáil speisialta 25/2022: 'Fíorú ar an Ollioncam Náisiúnta chun buiséad an Aontais a mhaoiniú – Na rioscaí i dtiomsú sonraí cuimsithe go maith tríd is tríd, ach is féidir ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí a fheabhsú tuilleadh', ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte](#). Tháinig an tuarascáil deireanach ón gCúirt Iniúcháirí ar an topaic seo (2013) ar an gconclúid nach raibh an timthriall fíoraithe 2007-2012 éifeachtach ach go páirteach.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502